2024/2722

22.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2722 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1763 [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2015/1763, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1763 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2015/1763, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin (IO L 257, 2.10.2015, lch. 37).